C/2024/4155

26.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11514 — TRAFIGURA / GREENERGY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4155)

1. An 14 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Trafigura Group Pte. Limited ('Trafigura', Singeapór), faoi rialú Farringford Foundation (Panama),

— Greenergy Halo Holdings III Limited ('Greenergy', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Brookfield Corporation (Ceanada).

Gheobhaidh Trafigura rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar chuid de Greenergy (a chuid gnólachtaí sa Ríocht Aontaithe, san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is trádálaí tráchtearraí neamhspleách é Trafigura a dhéanann speisialtóireacht i margaí na hola, na mianraí agus na miotal. Tá dhá phríomhréimse gnó aige: trádáil fhisiceach tráchtearraí agus lóistíocht ghaolmhar, lena n-áirítear loingseoireacht agus cairtfhostú, chomh maith le gníomhaíochtaí a bhaineann le bonneagar tionsclaíoch,

— Tá Greenergy gníomhach den chuid is mó i soláthar táirgí peitriliam scagtha (lena n-áirítear gásailín, díosal, ceirisín, agus gás-ola), ar bhonn mórdhíola agus miondíola sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, agus i monarú agus soláthar táirgí bithdhíosail.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11514 — TRAFIGURA / GREENERGY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË